Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2024/1301

6.5.2024

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/1301 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 3 Bealtaine 2024**

**lena leasaítear den 342ú huair Rialachán (CE) Uimh. 881/2002 ón gComhairle lena bhforchuirtear bearta sriantacha sonracha áirithe atá dírithe ar dhaoine agus eintitis áirithe atá bainteach leis na heagraíochtaí SIIL (Da'esh) agus Al-Qaida**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 881/2002 ón gComhairle an 27 Bealtaine 2002 lena bhforchuirtear bearta sriantacha sonracha áirithe atá dírithe ar dhaoine agus eintitis áirithe atá bainteach leis na heagraíochtaí SIIL (Da'esh) agus Al-Qaida ([1]), agus go háirithe Airteagal 7(1)(a) agus Airteagal 7a(5) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le hIarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 881/2002 liostaítear na daoine, na grúpaí agus na heintitis a chumhdaítear leis an reo cistí agus acmhainní eacnamaíocha faoin Rialachán sin.

(2) An 25 Aibreán 2024, chinn Coiste Smachtbhannaí Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe a bunaíodh de bhun Rúin 1267(1999), 1989(2011) agus 2253(2015) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe iontráil amháin i liosta na ndaoine, na ngrúpaí agus na n-eintiteas ar cheart feidhm a bheith ag reo cistí agus acmhainní eacnamaíocha maidir leo a leasú.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 881/2002 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 881/2002 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 3 Bealtaine 2024.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*Thar ceann an Uachtaráin*
*An tArd-Stiúrthóir*
*An Ard-Stiúrthóireacht um Chobhsaíocht Airgeadais, Seirbhísí Airgeadais agus Aontas na Margaí Caipitil*

([1]) IO L 139, 29.5.2002, lch. 9, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2002/881/oj.

*IARSCRÍBHINN*

Déantar na sonraí aitheantais le haghaidh na hiontrála seo a leanas faoin gceannteideal 'Daoine nádúrtha' in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 881/2002 a leasú mar a leanas:

'Sanaullah Ghafari (sa bhunchló: ثناء الله غفاری) (ainm bréige láidir: (a) Dr. Shahab al Muhajir; (b) Shahab Muhajer; (c) Shahab Mohajir; (d) Shahab Mahajar; (e) Shihab al Muhajir; (f) Shihab Muhajer; (g) Shihab Mohajir; (h) Shihab Mahajar). Dáta breithe: 28.10.1994. Áit bhreithe: an Afganastáin. Náisiúntacht: an Afganastáin. Seoladh: (a) an Afganastáin (2021); (b) Kunduz, an Afganastáin (roimhe sin). Faisnéis eile: Ceannaire ar an Stát Ioslamach san Iaráic agus sa Leiveaint-Khorasan (SIIL-K). Saineolaí Teicneolaíochta Faisnéise. Dáta an ainmniúcháin dá dtagraítear in Airteagal 7d(2)(i): 21.12.2021.'

cuirtear an méid seo a leanas ina ionad:

'Sanaullah Ghafari (sa bhunchló: ثناء الله غفاری) (ainm bréige láidir: (a) Dr. Shahab al Muhajir; (b) Shahab Muhajer; (c) Shahab Mohajir; (d) Shahab Mahajar; (e) Shihab al Muhajir; (f) Shihab Muhajer; (g) Shihab Mohajir; (h) Shihab Mahajar). Dáta breithe: (a) 28.10.1994; (b) 24.5.1990. Áit bhreithe: Ceantar Mir Bacha Kot, Cúige Chabúl, an Afganastáin. Náisiúntacht: an Afganastáin. Pasuimhir: 01503093 (pas Afganastánach, a eisíodh an 25.8.2016 i gCabúl na hAfganastáine agus a chuaigh in éag an 25.8.2021). Seoladh: (a) an Afganastáin (2021); (b) Kunduz, an Afganastáin (roimhe sin). Faisnéis eile: (a) Ceannaire ar an Stát Ioslamach san Iaráic agus sa Leiveaint-Khorasan (SIIL-K); (b) Saineolaí Teicneolaíochta Faisnéise; (c) Ainm an athar: Abdul Jabbar; (d) Ainm an tseanathar: Abdul Ghaffar. Dáta an ainmniúcháin dá dtagraítear in Airteagal 7d(2), pointe (i): 21.12.2021.'